Ḃua Eile ag Tiobraid Árann

Tiobraid Árann 2-12.
Cill Ċoinniġ 2-7.

Os comair slua 18,152 ċruṫaiġ Tiobraid Árann go ḃfuil siad ina ríte iománaíoċta go fóill nuair a ḃuaiġ siad ar Ċill Ċoinniġ i gcluiċe ceannais an Oireaċtais 2-12 go dtí 2-7 agus ina ḋiaiḋ teaċt arais ó na Státaí. Cluiċe an ṁaiṫ a ḃí ann agus gan amras ar biṫ an cluiċe ab' ḟearr den ḃliain. Ón tús go dtí an deireaḋ ḃí an iománaíoċt go h-íontaċ agus cé go raiḃ cúig ċuilín le sparáil ag Tiobraid Árann ag an deireaḋ ní raiḃ an cluiċe seo leaṫ-taoḃaċ indóiġ ar biṫ.

Ag an leaṫ-ama ḃí Cill Ċoinniġ 1-6 go dtí 0-2 ċun tosaiġ agus aċan seansa acu go mbainfiḋ siad an cluiċe aċ níor ḃain seo geit ar biṫ as foireann Ṫiobráid Árann agus fiú amáin na fir ċróga imeasc luċt leanúna Tiobráid Árann níor ċaill siad aon ṁisneaċ.

Amaċ ar an ṗáirc leis an dá ḟoireann don dara leaṫ agus ní raiḃ sé i ḃfad ar siúl gur ṫiontaiġ an cluiċe i gcoinne Cill Coinniġ. Taréis cúig ḃomaite den dara leaṫ fuair Tiobraid Árann trí ċúilín agus cuir seo isteaċ go mór ar Ċill Ċoinniġ aċ cé go ḃfuair Cill Coinniġ cúl díreaċ ina ḋiaiḋ sin ba sin é an deireaḋ mar ḃí an láṁ in uaċtair ag Tiobraid Árann indiaiḋ sin.

Fir tosaiġ Tiobraid Árann ná dearn mórán go dtí seo ḃíodar anois i ḃfad níos éifeaċtaiġ ⁊ cosantóirí Cill Ċoinniġ a ṡeas an fód go crogaċ ins an ċéad leaṫ ḃíodar millte anois.

Do Ṫiobrad Árann d'imir S. Ó Duḃgaill go maiṫ ins na cúil, Antón Ó Falla fosta a ḃí mar carraiġ nirt sa lár agus Miċeál Ó Beirn go dtí gur ġortaíoḋ é.

Ḃí péire lár páirce go maiṫ sa dara leaṫ, go háiṫrid Miċeál de Róiste agus fuair sé caḃair ṁaiṫ ó T. Mac an Ḃéarla.

Ins na tosaiġ d'imir Séamas Ó Duḃgaill go maiṫ, fuair sé 2-5 den iomlán, agus Maitiú Mac Cionnaiṫ an t-aon tosaċ a d'imir go maiṫ sa ċéad leaṫ agus ḃí sé ina dainséar mór do ċosantóirí Cill Ċoinniġ.

Do Ċill Coinniġ d'imir Pádraig Ó hEnderson go maiṫ ins na cúil agus cé nár ḋearn Séamas Ó Cléir mórán sa ċéad leaṫ, ṫáinig sé isteaċ go mór sa dara leaṫ. Sciop Tiobraid Árann peire lár páirce ar siúl sa dara leaṫ agus cé gur ċuir siad Pádraig Ó Dilliúin agus Seán Ó Teenáin ins na tosaiġ ní ṫáinig toraḋ ar biṫ as.

Do Ṫiobraid Árann fuair S. Ó Duḃgaill 2-5, M. Mac Cionnaiṫ 0-3, Mac an Ḃéarla, De Róiste, Déḃannaiġ agus Cieliġ 0-1. Do Ċill Coinniġ fuair Ó Dúinn 1-3, Ó Breatnaċ 1-2, Ó Dilliúin 0-1, Ó Cléir 0-1.

Tiomáint Dáinsearaċ ag Litir Mic a Ḃáird

Ag an Ċúirt Dúiċe ar an Ċloċán Liaṫ Deardaoin cúisíoḋ Séamas Ó Canánn, Mín Doire Éin, An Cloċán Liaṫ, as tiomáint dáinséaraċt agus tiomáint ar meisce. ó

D'innis an Gárda Ó Doṁnaill don Ċúirt go raiḃ sé in a ṡeasaṁ ar an príoṁsráid, Na Gleanntaí, ar an 18ú Meán Fóṁair ag 7.45 p.m. is go ḃfaca sé cárr stopaiṫe taoḃ amuiġ de siopa Mac Daiḃéid. Nuair a ṫosiġ an tiománaí an ċárr ḃí cuma air go raiḃ deacraċt mór aige á stiúrú agus ċuaiġ an cárr ó ṫaoḃ go taoḃ na sráide, agus nuair a ġlac sé an corrú ag an ospidéal ḃí sé ar an taoḃ mí-ċeart ar fad. Ċuaiġ seisean isteaċ i gcárr na ngárdaí agus ċuaiġ ċuig stáisiún na ngárdaí go ḃfuair sé an Gárda Sammon le dul leis. Lean siad an cárr agus ṫáinig siad suas leis ag Litir Ṁic a' Ḃáird, áit a raiḃ sé stopaiṫe ag teaċ taḃairne Ṁic Réadaiġ. D'ḟan siad ceaṫrú uaire agus nuair a ṗasáil siad an cárr an dara uair ċonnaic siad an tiománaí ag teaċt amaċ as an teaċ taḃairne. Ċuaiġ siad síos ag an gcroisbealaċ le tiontú agus nuair a ṫáinig siad arais ḃí an cárr eile ar ṡiúl. Lean siad é ar cúl ar feaḋ trí ṁíle agus ḃí sé ag taisteál ar an taoḃ contráilte den ḃóṫar idir caoga agus seasca míle san uair.

"Ḃí imní mór orainn," arsa an Gárda. Ṫug siad iarraċt dul ṫart leis. Ċuaiġ an cárr treasna an ḃóṫair agus stop sé iad. Fé ḋeire, ċuaiġ ċuaiġ siad ṫart leis an ċárr agus stop siad é. Ḃí an cosantóir ag tiomáint agus ní raiḃ sé ábálta a cosa ċoinneáil. Ḃí a ġaiḋ dearg agus a ċuid iobar reaṁar agus bolaḋ biotaillte ón a anál. Ṫug siad go dtí stáisiún na ngárdaí é.

P. A. Ó Doṁnaill (ag cosaint)—Nuair a ċonnaic tú é ag teaċt amaċ as taḃairne Ṁic Réadaiġ cé'n fáṫ nár stop tú é?

An Gárda—Sin mar a ṫárla sé.

Ṫug an Dr. Ó Doṁnaill fianaise gur scrúdaiġ sé an cosantóir ag 9.30 p.m. Ḃí sé éiginnte ar a ċosa. Ḃí sé ábálta trialaċa eile a ḋéanaṁ. Ḃí an tuairim ag an doċtúir naċ raiḃ sé ábálta tionmáint. A ċros-ċeistniú ag an Uasal Ó Doṁnaill, dúirt sé gur cás idir ḋá ṫaoḃ a ḃí ann.

Giúistís — Ḃí sé i nann tiomáint nó ní raiḃ?

An Doċtúir—Nuair a ċonnaic mé ar tús é ní raiḃ sé in ann tiomáint.

Dúirt an Gárda Sammon gur ṁeas seisean fosta naċ raiḃ sé ábálta tiomáint. Ṫug an Sáirsint Ó Congaile fianaise fosta faoi crosċeistniú ag an Uasal Ó Doṁnaill. Dúirt sé naċ ḃfaca sé an cosantóir ar meisce riaṁ roiṁe agus go raiḃ iontas air.

An tUasal Ó Doṁnaill — An ṁeasann tú naċ raiḃ sé ábálta tiomáint

An Sáirsint—Ní raiḃ. Ní raċainn sé i ngluaisteaċt leis.

Dúirt Séamas Ó Ceannáin naċ raiḃ sé ag ól ċor ar biṫ. Ḃí sé ag bainis an lá seo agus d'ól sé deoċ ar maidin. Ina ḋiaiḋ sin ḃí cúpla buidéal leanna aige. Corr-uair ṁotuiġ sé pian in a goile de ḃárr obráid a ḃí aige tamall ó ṡin. A ċros-ċeistniú ag an Ċeannfort Ó Collaráin ṡéan sé go raiḃ sé ar meisce nó go raiḃ sé ag dul ó ṫaoḃ go taoḃ.

Dúirt an Giúistís Ó Lorcáin gur gnáṫ leis fineál cúig ṗunt a ċur i gcás mar seo aċ de ṫaoḃ an clú maiṫ a ḃí ar an cosantóir ní ċáinfaiḋ sé é aċ ḋá ṗunt ar tiomáint ar meisce agus d'ordaiġ sé dó £-11-36d. costaisí d'íoc, agus ceadúnas tiomána a ḃaint de go cinn bliana.

Taoide Barrlán

Figiúirí fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.

Dáta	Ard Na Caithne		Carna		Ára Mhór	
30-10-65	9.12	21.49	8.29	21.06	7.23	19.40
31	10.00	22.54	9.17	22.11	8.06	20.26
1-11-65	11.07	——	10.24	23.33	9.00	21.27
2	0.16	12.31	11.48	——	10.14	22.50
3	1.41	13.51	0.58	13.08	11.38	——
4	2.44	14.50	2.01	14.07	0.11	12.46
5	3.27	15.33	2.44	14.50	1.10	13.36

Carna

Ḃí an ḃuaiġ le Ceaṫrú Rua nuair a ḃuail siad an Cloċán le scór 1-7 i gcoinniḃ 0-9 insan ċraoḃ ċluiċe de ord sóisear an Iarṫáir sa ṗeil. Ḃí an aimsir go h-olc agus báisteaċ ag titim go trom ar feaḋ an iarnóin. Ar na daoine ab' ḟearr don Ċeaṫrú Rua ḃí S. Ó Flaṫarta, C. Ó Súilleaḃáin, P. Ó hUallaḃáin, P. Ó Máille, P. Ó Fuaráin.

Deir an Caiptín Lionel Leslie, agus beirt ḟear óg a ḃí leis go dtí Loċ Fada, in aice leis an Ċloċán, go ḃfuil siad cinnte anois go ḃfuil péist ṁór insan loċ, agus tá an Caiptín Leslie ag braṫ teaċt arais san Earraċ le pictiúir de a ḟáil. Ċuir an Caiptín pléascán isteaċ san uisce in aice an ċladaí, an áit a ḃfacṫas an ṗéist ṁór ar tús, ḋá ḃliain déag ó ṡoin, agus gar a ḃeiṫ ar an nóiméad, ṫáinig meall mór go h-uaċtar uisce i lár na loċa. Ón aṁarc tapaí a fuair sé ar an iasc, deir an Caiptín Leslie go mbeaḋ sé idir 8' agus 10' ar ḟad, agus measann sé gur dóiġe go dtáinig sé isteaċ ó'n ḟarraige i dtús báire.

Ní ḟada go mbeiḋ an solus leic-treaċ ag Lios Uaċtar in aice le Sraiṫ Salaċ, áit a ḃfuil Bord Soláṫar an Leictreaċais ag braṫ an leictreaċas a ċeangal gan mórán moille. Ba é seo ceann de na fíor ḃeagán sráidḃailte atá fágṫa i gConamara naċ ḃfuair an leictreaċas tuaiṫe go fóill. San am i láṫair, tá na sreangáin ḋá gcur isteaċ in gaċ teaċ ar an ḃaile.

Ṫug aonad de ċuid an B.B.C. cuairt ar Cloċ na Rón i gcaiṫeaṁ na seaċtaine, agus ġlac siad pictiúirí den ċeantar mórtimpeall fá ċoinne clár ar "Inside Ireland" a ḃéas á ṫeaspáint acu i mí Eanair seo ċugainn.

Tá an Ceannfort E. Seoiġ, ag déanaṁ iarraċt ṁór le tuilleaḋ baill a ḟáil isteaċ insan F.C.A. i gConamara. Tá sé taréis beirt treoraí a ċeapaḋ le aṫḃeoċán a ḋéanaṁ ar an ionad láidir, a ḃí uair insan Ċloċán, agus tá sé ag déanaṁ aċaine do na fir óga sa ċeantar teaċt isteaċ san fórsa. Siad na ceannairí ar an gCloċán ná Seán Ó Riain, an Príoṁ Sráid, An Cloċán agus Pádraic Ó Darsaiġ, Iorras Lanán. Ḃíonn paráidí ar an Tulaċ gaċ Luan, agus beiḋ campa traenála i nGaillim i mí na Saṁna.

Bearna

Comġáirdeaċas le Pól Ó Collaḃaráin, a ḃuaiġ an duais £50 don searc a ba troime a tógaḋ as cuan na Gaillime i mbliana. Cumann Turasóireaċta Ḃóṫar na Trá a ḃronn an duais. Táṫar ag súil leis an duais a ṁéadú an ḃliain seo ċugainn, go dtí £200. Ṁeaiġ an searc a ġnóṫaiġ an duais 92 punt.

Ḃí pósaḋ faisiúnta i dTeaċ Pobail Críost Rí, Ḃóṫar na Trá an tseaċtain seo caite, nuair a pósaḋ Eoin, mac le Seán Ó Doċartaiġ, agus Ḃean Uí Doċartaiġ, An Crescent, agus Niaṁ, aon iníon Doċtúir agus Ḃean Laḃrás Uí Nuallán, Cnoc na Gara. An tAṫair S. Ó Ciarḋa, Dúndroma, uncail an ḟir, a ṗós iad, le Aifreann an Pósta agus Beannaċt an Pápa, agus an tAṫair M. Spellman, S.P., Ḃóṫar na Trá, ag caḃrú leis. A h-aṫair a ṫug an ḃrideóig le pósaḋ agus ḃí sí a' ċaiṫeaṁ gúna lán-ḟad, de satin bán córdaċ le muinċillí lása, agus ḃeil anuas go dtí na guailneaċa. Máiréad Ní Ṁaoilḋia ⁊ Pádraig Ó Doċartaiġ, dearṫár an ḟir, a ṡeas leo. Ḃí an bainis in Óstán Ḃóṫar na Trá, an áit a raiḃ os cionn 60 i láṫair. Tá mí na meala ḋá ċaiṫeaṁ ar Oileán Árann.

NUACHT AS NA DUNAIBH

Tá Óstán Ċarraiġ Airt ar an aon áras-aíoċta atá ar oscailt go fóill insan ċeantar seo do ṫurasóirí. Agus, a ṡlioċt air — ḃí corraḋ agus leaṫċéad againn, idir ċoṁarsana agus ċoiṁṫiġ, ag iṫe greim dinnéir ann i ndiaiḋ ama-Aifrinn Dé Doṁnaiġ seo 'ċuaiġ ṫart, an 24ú inst.

Tá stailc na scoltaċ i Rosgoill seort socraiṫe — go sealadaċ. Ṫug bunaḋ na Mióḃaí isteaċ go raċaḋ siad arais ċun na scoile sin; agus fuarṫas áit do na 60 páistí as scoil Ḋoire' Ċasáin insan Ċoláiste Gaeilge— an ḋá ṡeomra cúil (aċ go ḃfuil taisc-ṫéiteoirí leictreaċa le cur isteaċ, ionntu, mar naċ ḃfuil cóir ṫeasa ar biṫ insan ċoláiste saṁraiḋ seo). Beiḋ leiṫreas fónta ar fáil don aos-óg anois.

Pósaḋ Seoirse Mac Nutt, an mac is óige agus an t-aon duine den teaġlaċ naċ ḃfuil pósta — de ċlann Seó Mac Nutt, ar leis an ṁonarċa ċáiliúil sin, "Downings Tweeds, Ltd.", ina ḃfuil cóir ceiṫre scór de ṁuintir na háite, idir ḃuaċaillí agus cailíní, ag tógáil pá ṁaiṫ gaċ seaċtain. Pósaḋ Seoirse ar Eiḃlín Fisher, níon de Alasdair, as Umlaċ, Carraiġ Airt. Ba insan teampall Ṗreispitéireaċ a ḃí an tsearmóin — a ḋearṫáir, Liam, a ṡeas leis ag an altóir, agus Renée Ashe, a colceaṫrar féin, a ḃí na cailín-coiṁdeaċta leis an ḃrídeoiġ. Ṫart fá ṫrí scór go leiṫ d'aíonna, i láṫair ag an ḃainis insan Rathmullan House Hotel . . . agus tá mí-na-meala á ċaiṫeaṁ i Madeira ag an lanúin nuapósta. Gaeilgeoirí líofa is ea clann Seó (é anois os cionn na gceiṫre scór).

Ḃí bainis ḋeas eile insan ċeantar ċéanna ar na mallaiḃ, nuair a pósaḋ Donċa, mac de Ḋónall Ó Coileáin agus ḋá ṁnaoi-ċéile, ar Anna, níon de Ṡeán Ó Sioradáin agus ḋá ṁnaoi (naċ maireann). Peatsaí Ó Sioradáin, dearṫáir na brídeoige, a ṡeas leis ag an altóir— agus a ḋeirfiúr-san, Caitlín Ní Ċoileáin, as Duiḃlinn Mór, Ċarraiġ Airt, a ḃí léi-sean mar ċailín-coiṁdeaċta. Pósaḋ i dTeaċ-Pobail Raṫ Maoláin iad, agus ḃí fleá na bainise acu in Óstán Uí Ḟriġill i Raṫ Ḃoṫ. Tá mí-na-meala á ċaiṫeaṁ ag an lánúin óiġ i ndeiscirt na Spáinne.

Teleḟóin i gCarna

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ Seán Mac Eoċagáin, T.D., don Aire Poist agus Telegrafa, an dtug sé údarás fós fá ċoinne tógáil bosca teleḟón i gCarna, Co. na Gaillime? Agus má ṫug, cé'n uair atá sé a' súil go dtosnófaí an obair. D'ḟreagair S. Ó Braonáin, T.D., Aire Poist Poist agus Telegrafa, go raḃtar ag súil go mbeaḋ an bosca i seirḃís roiṁ Oíċe Ṡaṁna.

Deardaoin — 5.01, Mac an Adha. 5.15, Ceol Rince. 5.30, Science Today. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, Fleadh Ceoil an Radio. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, Rith Shiorai. 8.1, Record Report. 8.30, Between Ourselves. 9.1, Madam. 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Sceal Nua ar an Seansceal. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Bach Recital.

Dé hAoine—5.1, Heidi. 5.30, Records For Children. 5.40, Tammy Troot Meets the Beatles. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.0, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Tommy O'Brien and his Records. 8.1, Flow On, Lovely River. 8.15, A Munster Journal. 8.45, Tuilleadh Sleachta As Mo Sceal. 9.1, Opera: Don Carlos. 10.30, Ad Lib.

Dé Sathairn — 2.55, Rugby:—Leinster v. Connacht. 4.30, Swingin' Zither. 5.1, Organ Tunes. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, A Piper's Choice. 7.45, This Week at the United Nations. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, The Maureen Potter Show. 9.1, The R-E-L-O Show. 10.30, Ceili House.

Dé Domhnaigh — 10.30, Mass. 12.30, The Church in the World. 1.0, The Maureen Potter Show. 1,35, Provincial News Round-up. 2.0, Meet the Clans. 2.45, An Coiciosan. 3.15, Ceolta Tire. 3.30, Five Minutes Please. 4.35, Mandoline Matinee. 5.0, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.01, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, Songtime, Swingtime. 7.30, The Opening of the New Cork Opera House. 8.30, Dance, Ballerina. 9.30, The Years of the Great Test. 10.0, News. 10.15, Newspoint. 10.35, Music of the Nation. 11.05, Recital. 11.35, G.A.A. Results.

Dé Luain (Feast of All Saints) —10.30, High Mass. 5.1, Out of Doors. 5.15, Rhythm and Rhyme. 5.30, Dombey and Son. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Annso is Annsud sa Mhumhain. 7.30, Fleadh Ceoil an Radio. **Athlone Wavelength:** 8.1, When Winter Comes. 8.30, A Long, Long Trail. 8.45, The Poets as Critics. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. **Dublin & Cork Wavelengths:** 8.01, Don Carlos. **All Wavelengths:** 10.0, Nuacht. 10.15, News. 10.30, Serenade in the Night. 10.45, City Newsreel.

Dé Mart—5.1, All Souls' Day. 5.10, Young Munster on the Air. 5.30, Mol an Oige. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements; Report on Store Cattle Sales. 6.45, Requests from Overseas. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Smile and the Tear. 8.1, A Woman's World. 8.30, Characters from Carleton. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Come All Ye Loyal Heroes.

Dé Ceadaoin—5.1, Bobbin the Pathfinder. 5.15, Records for Children. 5.30, Junior Journal. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Announcements; Cattle Market Report. 6.45, Town Hall Tonight. 7.30, Break For Music. 8.1, Gardening Magazine. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, The Radio Eireann String Quartet. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Today in the Dail. 10.45, And Then Came Sound. 11.0, Pop Call.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.